Rewarding Learning

| Uimhir Lárionaid | |
|---|---|
| 71 | |

Uimhir Iarrthóra

| |
|---|
| |

General Certificate of Secondary Education
2012

# Stair

## Aonad 2: An Cogadh Fuar 1945–1991

## Bonnsraith

**[GHY21]**

**DÉ MÁIRT 12 MEITHEAMH, IARNÓIN**

**AM**

1 uair 15 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ar bharr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **dhá** cheist.
Freagair **gach cuid** de Roinn A agus ceist **amháin** ó Roinn B.

Má tá siad de dhíth, tá cead agat a thuilleadh leathanach a iarraidh le do fhreagraí a chríochnú.
Ceangail na leathanaigh seo, le do thoil, den leabhrán leis an scorán chuige sin.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 50 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i **Roinn B**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Tá Leabhrán Áiseanna a bhaineann le Ceist 1 leis an pháipéar seo.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| **Marc Iomlán** | |

**I gcás cheist 1, déan tagairt don ábhar foinse sa Leabhrán Áiseanna.**

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

## Roinn A

Freagair **gach cuid** den roinn seo

**1 Baineann an cheist seo le Cogadh Vítneam: Dúshláin do SAM.**

**(a) Déan staidéar ar Foinse A.**

Luaigh **dhá** phointe ó **Foinse A** le dearcthaí shaighdiúir SA ar na Vítneamaigh Thuaidh agus ar na Vítcongaigh a chur in iúl.

1. ______________________________

______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

______________________________ [4]

**(b) Déan staidéar ar Foinse B.**

Luaigh **3** fháth ó **Foinse B** lena mhíniú cad chuige ar chaill SAM an cogadh i Vítneam.

1. ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

3. ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [6]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c) Déan staidéar ar Foinse C.**

Cá hiontaofa atá **Foinse C** do staraí atá ag déanamh staidéir ar dhearcthaí mhuintir Vítneam ar an chogadh?

[8]

(d) **Foinsí A**, **B** agus **C** agus **do chuid eolais féin** in úsáid agat, mínigh cad chuige a bhfuil dearcthaí difriúla ann maidir leis na fáthanna ar chaill SAM an cogadh i Vítneam.

[10]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

## Roinn B

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas.

**Baineann an cheist seo leis an chaidreamh idir SAM, APSS agus Cúba, 1959−1962.**

Mínigh cén dóigh agus cad chuige ar athraigh an caidreamh idir SAM, APSS agus Cúba idir 1959 agus Géarchéim Dhiúracán Chúba, Deireadh Fómhair 1962.

Úsáid ceannlínte na n-alt seo a leanas le cuidiú leat an cheist a fhreagairt.

**(a)** An caidreamh idir Cúba agus SAM ag dul in olcas, 1959 go dtí Deireadh Fómhair 1962

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** An caidreamh idir Cúba agus APSS ag dul i bhfeabhas, 1959 go dtí Deireadh Fómhair 1962

**(c)** Na Trí Lá Dhéag, Deireadh Fómhair 1962 agus an dóigh a raibh deireadh leis an ghéarchéim

[22]

**3 Baineann an cheist seo le Cogadh na Cóiré, 1950–1953.**

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Mínigh cad chuige a raibh baint ag SAM le cogadh sa Chóiré in 1950 agus an dóigh a raibh éifeachtaí ag Cogadh na Cóiré ar an Chóiré, ar SAM agus ar an tSín.

Úsáid ceannlínte na n-alt seo a leanas le cuidiú leat an cheist a fhreagairt.

**(a)** Fáthánna le baint SAM le Cogadh na Cóiré

**(b)** Gníomhartha SAM agus na Síne sa Chóiré, 1950–1953

**(c)** Éifeachtaí an chogaidh ar an Chóiré, ar SAM agus ar an tSín

[22]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4 Baineann an cheist seo leis an Chogadh Fhuar san Eoraip, 1948−1961.**

Mínigh cad chuige ar tugadh dúshláin APSS maidir leis an smacht a bhí aige ar Oirthear na hEorpa agus an dóigh a ndeachaigh APSS i ngleic leis na dúshláin seo a tugadh ar an smacht aige idir 1948 agus 1961.

Úsáid ceannlínte na n-alt seo a leanas le cuidiú leat an cheist a fhreagairt.

**(a)** Míshásamh i mBeirlín agus freagairt APSS, 1948−1949

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Míshásamh san Ungáir agus freagairt APSS, 1956

**(c)** Míshásamh i mBeirlín agus freagairt APSS, 1961.

[22]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2012

# Stair

Aonad 2: An Cogadh Fuar 1945−1991

Bonnsraith agus Ardsraith

**[GHY21] [GHY22]**

**DÉ MÁIRT 12 MEITHEAMH, IARNÓIN**

# LEABHRÁN ÁISEANNA

LEATHANACH BÁN

## Cogadh Vítneam: Dúshláin do SAM

**Foinse A: Saighdiúir SA a bhí ag troid i Vítneam, ag labhairt i ndiaidh an chogaidh, nochtann sé na tuairimí aige ar na fáthanna ar buadh ar SAM**

Is dóigh liom go raibh na Vítneamaigh Thuaidh agus na Vítcongaigh róchliste dúinn. Chaill muid an cogadh mar gheall ar an diongbháilteacht acu. Bhí muidne níos láidre mar chumhacht mhíleata. Bhí traenáil níos fearr againn, bhí trealamh agus airm níos fearr againn ach ní ghéillfeadh siad choíche. Shíl na Vítcongaigh ar dtús gur thubaiste é Ionsaí Tet, ach bhí dearcadh eile acu nuair a chonaic siad an dóigh ar freagraíodh dó sna Stáit Aontaithe. Thosaigh daoine i SAM a rá nach bhféadfaimis an cogadh a bhaint choíche. Shocraigh an tUachtarán nach seasfadh sé sa chéad toghchán eile. Tuigeadh do na Vítneamaigh Thuaidh agus do na Vítcongaigh ar an toirt ansin go bhféadfadh siad tabhairt ar na Meiriceánaigh iad féin a chloí.

**Foinse B: Staraí nua-aimseartha ag scríobh faoi cad chuige ar chaill SAM an cogadh i Vítneam**

Ní mar gheall ar oirbheartaíocht chontráilte a buadh ar SAM ach cionn is go raibh sé ag tacú le rialtas nach raibh ach tacaíocht iontach beag i Vítneam Theas aige. Bhí an rialtas éillitheach agus cruálach. Chaith sé go han-dona leis na tuathánaigh Bhúdaíocha. Ní hamháin go raibh comhghuaillí lag ag SAM, bhí air dul i ngleic chomh maith le namhaid a bhí iontach láidir. Níor scata de threallchogaithe cosnochta iad na Vítcongaigh ach fórsa troda a fuair traenáil den scoth, a bhí daingean diongbháilte agus a raibh neart arm acu. D’éirigh leo ionróirí eachtrannacha a chloí roimhe sin agus bhí rún daingean acu go gcloífeadh siad SAM chomh maith. Ní ghéillfeadh siad choíche.

**Foinse C: An Ginearál Giap, Ceannasaí Míleata ar an Arm Vítneamach Thuaidh, ag labhairt in 1967**

Agus trúpaí á gcur isteach i Vítneam ag Meiriceá, tá ar na hionróirí ó SA dul i ngleic le cogadh an phobail. Tá muintir Vítneam i ndiaidh teacht le chéile leis na hionsaitheoirí a throid ar dhóigh ar bith agus le gach cineál airm. Táimid sásta a bheith ag troid go ceann fiche bliain eile, go ceann céad bliain, fiú, a fhad a ghlacfaidh sé leis an bhua a fháil, beag beann ar gach rud eile.

*Foinse A: ó Everything We Had – An Oral History of the Vietnam War, A. Santoli, 1981 (arna chur in oiriúint)*
*Foinse B: ó America and the Vietnam War, G. J. DeGroot, 2000 (arna chur in oiriúint)*
*Foinse C: luaite in Modern World History GCSE, Christopher Culpin, 1998*

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.